

Clár Ealaíon don Óige - Pléaráca 2003/2004

Rinne Pléaráca iarracht mhór le bliain anuas réimse leathan imeachtaí ealaíon a chur ar fáil d'óige Chonamara. Le maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta (fochomhlacht d'Údarás na Gaeltachta) agus An Chomhairle Ealaíon, fostaíodh Oifigeach Ealaíon chun Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige a riaradh. Ba í Máire Ní Chualáin an t-oifigeach sin agus níor spáráil sí a cuid fuinnimh mar a thuigfidh sibh ón méid a reachtáladh.

An 13/14 Nollaig 2003 reachtáladh *Bricíní- Féile Leabhar do Pháistí agus do Dhéagóirí* i Seanscoil Sailearna, Indreabhán. Ba é seo é an dara féile dá leithéid a reachtáil Pléaráca (bhí an chéad cheann i 2000). Eagraíodh taispeántas agus díolachán de na leabhair Ghaeilge ar fad a bhí ar an margadh do


pháistí agus do dhéagóirí. Chomh maith leis sin bhí clár imeachtaí breise ar bun an dá lá céanna chun an pobal a mhealladh isteach - léitheoireachtaí, dramaí gearra, ceol, seoladh leabhar, comórtais ealaíne, ceardlanna ealaíne agus go leor eile. Thug muid cuireadh do scríbhneoirí, aisteoirí, foilsitheoirí, agus do cheoltóirí a bheith linn ag an deireadh seachtaine chun spreagadh a thabhairt don ócáid - ina measc sin bhí Colmán Ó Raghallaigh, Gwyn Uí Ghaora, Marc Mac Lochlainn, Josie Ó Culáin, Fionnuala Ní Fhlatharta, Joe Steve Ó Neachtain, Tadhg Mac Dhonnagáin agus grúpa drumadóirí as Gaillimh faoi



stiúir Niall Ó Floinn. D'éirigh thar



Ceoltóirí óga as Conamara ag ceol ag Féile Ceol Nis in Albain i mí Iúil na bliana seo.



Ag baint sásaimh as Bricíní Nollaig 2003 i Seanscoil Sailearna.

cionn le Bricíní agus díoladh an t-uafás leabhar Gaeilge ann.

Faoi gclár céanna leathnaíodh an Ciorcal Scríbhneoirí Óga ó cheantar scoile amháin go trí cheantar scoile - Cois Fharraige/An Cheathrú Rua, Rosmuc agus Carna. B'iad na háisitheoirí a bhí ag an gCiorcal i mbliana ná Máire Holmes, Jackie Mac Donncha, Máire Ní Chatháin agus Greg Ó Braonáin. Tá cuid de shaothar na ndaoine óga a d'fhreastal ar Chiorcal le léamh san iris seo.

San réimse drámaíochta tugadh cuireadh don dramadóir Paul Mercier Tréimhse Chónaitheach a dhéanamh i Scoil Chuimsitheach Chiaráin na Ceathrú Rua. D'oibrigh sé le 18 déagóir sa scoil sin agus scríobh said agus léirigh said an dráma "Deirfiúir Mór".

Léiríodh an dráma sa scoil i Nollaig 2003 agus bhí trí seó acu i Seanscoil Sailearna, Indreabhán i



Máire Ní Chualáin.


Feabhra 2004. Bhain an dream óg an-taitneamh as an obair ar fad agus d'fhoghlaim siad go leor ó bheith faoi stiúir dhramadóir profisiúnta ar nós Paul Mercier.

Sa réimse dramaíochta chomh maith - cuireadh ceardlanna dramaíochta ar bun i ndeich bunscoil i gConamara ar feadh tréimhse 10 seachtain. Cuireadh áisitheoirí aitheanta isteach sna

scoileanna a raibh taithí mór acu féin ar aisteoireacht agus ar theagasc na ceirde - orthu sin bhí Lara Ní Chathmhaoil, Marc Mac Lochlainn, Siorcha Ní Chéide, Sinéad Ní Ghuidhir agus Nóra Nic an Ultaigh. An 23/24 Márta 2004, cuireadh Féile Dramaíochta dhá lá ar bun do na bunscoileanna ar fad i gConamara in Ionad Pobail Chamuis - ní amháin do na scoileanna a raibh Pléaráca ag freastal orthu ach gach scoil a raibh dráma acu le cur ar stáitse. Ba taispeántas iontach a bhí anseo agus ba deis iontach a bhí ann do na páistí scoile dul ar stáitse.

An 7/9 Bealtaine 2004 reachtáladh An Fhéile Litríochta do Dhéagóirí *Fuint Focal* ar an gCeathrú Rua, Conamara. Bhí sé seo dírithe ar dhéagóirí na Gaeltachta agus na Galltachta. D'fhreastail daichead duine óg air as gach cuid den tír agus bhain said an-tairbhe bheith ag obair le

ar lean



Pádraig Ó Conaire, Ros Muc, buaiteoir comórtas filíochta, Bricíní.

áisitheoirí ar nós – Louis de Paor, John Spillane, Maidhc Dainín Ó Sé, Paul Mercier, Máire Holmes, Máire Ní Fhéinneadha agus Jackie Mac Donncha.

Níl dabht ar bith gur baineadh go leor amach faoin gClár Litríochta & Drámaíochta agus tá maoiniú ceadaithe don chlár céanna arís do 2004/2005.

Maidir le himeachtaí ceoil agus amhránaíochta – bhí Pléaráca i bpáirt leis an nGaelacadamh agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh sa scéim *Ó Glúin go Glúin*. Faoin scéim seo, reachtáladh seisiúin amhránaíochta ar an sean-nós do dhaoine óga i gceantair éagsúla ar fud Chonamara faoi stiúir Amhránaí Cónaitheach na hOllscoile – Josie Sheáin Jeaic Mac Donnacha. D'éirigh go breá leis na seisiúin seo agus tá ceann amháin le tarlú fós – sin san Ionad Fiontair, Rosmuc an 24 Deireadh Fómhair. Beidh fáilte ann roimh chuille dhuine.



Caillín ar an stáitse i gCamus le linn féile drámaíochta, i mí Feabhra na bliana seo.

I mí Iúil 2004 le tacaíocht ó Iomairt Cholmille, thug Pléaráca

11 duine óg as Conamara go Leodhais na hAlban chun freastal ar Champa Samhraidh ansin in éineacht le grúpa daoine óga as Albain. Ba Malartú Scileanna Ceoil, Damhsa & Amhránaíochta idir an dá chultúr an téama a bhí leis an gCampa seo agus d'éirigh thar cionn leis. Is le linn Fhéile Ceol Nis a tharla sé seo ón 19-24 Iúil 2004. Mar chuid d'Fhéile Phléaráca Chonamara, beidh an grúpa daoine óga a chuaigh go hAlbain ag ceol i dTír na nÓg in Indreabhán an Domhnach 3 Deireadh Fómhair ag 7.00.

Reachtáil Pléaráca dhá Champa Samhraidh eile i Rosmuc i mí Iúil, ceann amháin acu ag cur réimse imeachtaí ealaíne ar fáil do pháistí idir 7-9 mbliana. Bhí an dara campa bunaithe ar scileanna drámaíochta a theagasc do pháistí ó 7-12 bliain agus ba iad Bearthla agus Pádraig Ó Flatharta a reachtáil é seo. Bhain gasúir an cheantair an-sásamh as na campai.



Ag glacadh páirte i seisiún Ó Glúin go Glúin i Seanscoil na Trá Báine.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595169

*Déanfar freastal ar gach cineál
ócaid, cóisir nó bainis*

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA

AN CHEATHRÚ RUA 091-595116

*Deoch ar do chompórd sa
tSailchuach*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL

Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd chóisir

Gach eolas ó Sineád nó John Paul

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte,
péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartal, marcleabhair,
gach cineál bronnntanas speisialta

Hilaraf Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe